# Scéal, Scéal, Scéal...

Cois Fharraige
fóram um pleanáil teanga

04 Lúnasa 2022 || Eagrán 108

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*

## Nóta ó na hOifigigh Pleanála Teanga...

**Ba bhreá linn cloisteáil uaibh, a chairde! Má tá teachtaireachtaí nó scéalta tábhachtacha agaibh le scaipeadh, ná bíodh drogall ar bith oraibh teagmháil a dhéanamh linn: optchoisfharraige@gmail.com Cuireann muid fáilte 's fiche roimh scríbhneoirí an cheantair freisin má tá píosa agaibh le foilsiú - alt faisnéise, filíocht, nuaíocht nó fógra. Fáilte roimh chách! Tá súil againn go mbainfidh sibh taitneamh as an eagrán seo.**





# MO MHÁLA LEABHARLAINNE BEAG

Tá scéim álainn á reáchtáil ag leabharlanna ar fuid na hÉireann faoi láthair, áit gur féidir le gasúir a bheas ag freastal ar scoil don chéad uair i mí Meán Fómhair, Mála Leabharlainne Beag a bhailiú ón leabharlann áitiúil, lán le féiríní deasa! Sa mhála tá trí leabhar bunaithe ar théamaí éagsúla; ag tosú ar scoil, ag déanamh cairde nua agus cúnamh agus treoir maidir le bheith compordach agus muiníneach ionat féin. Tá cárta a thugann cur síos agus léargas ar an leabharlann agus cén chaoi a oibríonn sí, cárta poist gur féidir leis na gasúir a scríobh agus a mhaisiú dá m(h)úinteoir nua agus cárta leabharlainne dá gcuid féin.

Togra álainn le na gasúir a réiteach agus a ullmhú don scoil, ar bhealach taitneamhach agus spraíúil! Is féidir mála a phiocadh suas, saor in aisce, ó do leabharlann áitiúil.






# OIFIGIGH PLEANÁLA TEANGA AG TEASTÁIL AR OILEÁIN ÁRANN

**Tá trí phost mar Oifigeach Pleanála Teanga á dtairiscint ar Oileáin Árann ag Comhar Caomhán Teo, Inis Oírr, ag Comhlacht Forbartha Inis Meáin agus ag Comharchumann Forbartha Árann Teo, Inis Mór. Beidh Oifigeach Pleanála Teanga amháin lonnaithe ar gach oileán agus freagrach as bearta an phlean teanga a chur i bhfeidhm ar an oileán sin. Conradh trí bliana a bheidh i gceist, agus féadfar cur leis an tréimhse sin. Fáilteofar roimh iarratais ó dhaoine a bhfuil taithí agus cáilíochtaí acu i mbainistiú agus i gcur i gcrích tionscadal, i gcúrsaí cumarsáide, áisitheoireachta, comhordaithe agus idirphearsanta agus i gcúrsaí pleanála teanga nó forbairt pobail. Tá sé riachtanach go bhfuil ardchaighdeán Gaeilge, idir labhartha agus scríofa ag an té a chuireann isteach ar an bpost. Ba cheart go mbeadh taithí ag iarrthóirí ar fhoireann a bhainistiú, chomh maith le bainistiú airgeadais. Le cur isteach ar an bpost, is féidir CV agus litir chumhdaigh a sheoladh, ar ríomhphost, roimh 5i.n. Dé hAoine 12ú Lúnasa chuig an eagraíocht chuí: Oifigeach Pleanála Teanga Inis Oírr: Comhar Caomhán Teo Inis Oírr (bainisteoir@discoverinisoirr.com), Oifigeach Pleanála Teanga Inis Meáin: Comhlacht Forbartha Inis Meáin (bainisteoircfinismeain@gmail.com) nó Oifigeach Pleanála Teanga Inis Mór: Comharchumann Forbartha Árann Teo, Inis Mór (eolas@cfarann.ie). Tá cóip den phlean teanga agus tuilleadh eolais ar fáil ach teagmháil a dhéanamh le ceann de na heagraíochtaí thuasluaite.**

# CIORCAL COMHRÁ CHOIS FHARRAIGE

Tháinig Ciorcal Comhrá Chois Fharraige le chéile don chéad uair i mbliana le gairid agus tá an grúpa ag dul ó neart go neart ó shin. Club Foghlaimeoirí Gaeilge Chois Fharraige, le tacaíocht ó Údarás na Gaeltachta agus Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga atá ina bhun. Tagann an grúpa le chéile ag oifigí na pleanála teanga in Inis Fáil, An Spidéal (H91 X63V), chuile Chéadaoin @ 7i.n. Tá fáilte roimh chách le haghaidh comhrá, comhluadar agus cupán caife! Tá an seisiún feiliúnach do fhoghlaimeoirí Gaeilge agus cainteoirí atá ag iarraidh a gcuid Gaeilge a chleachtadh.



# CEILÚRADH SA SPIDÉAL

Tá ócáid speisialta á reáchtáil ag CLG An Spidéil a bheas ar siúl ar an bpáirc, i gColáiste Chonnacht ar an Satharn 6ú Lúnasa. Ceiliúradh ar ghaiscí Tomás Farthing agus Fionn O'Connor, a bhí ar fhoireann mhionúir na Gaillimhe a bhuaigh Craobh na hÉireann, a bheas ann. Beidh Finnian Ó Laoi, a bhí mar chuid d'fhoireann shinsir na Gaillimhe a chuaigh chomh fada le cluiche ceannais na hÉireann, i láthair freisin. Tabharfaidh an ócáid deis do bhaill an chumainn agus don phobal comhghairdeachas a dhéanamh leis an triúr as an méid a bhain siad amach i ngeansaithe an chontae i mbliana. Cuirfear tús leis an ócáid ag meánlae.



# CAINTEOIRÍ GAEILGE AG TEASTÁIL!

Tá Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga sa tóir ar chainteoirí dúchais, nó cainteoirí líofa Gaeilge le páirt a ghlacadh sa scéim Gaelchara. Mar chuid den scéim cuirfear cainteoir líofa/dúchais le chéile le foghlaimeoir Gaeilge. Casfar lena chéile ar bhonn sóisialta leis an nGaeilge a chleachtadh. Ag deireadh na scéime, bronnfar €250 an duine ar an bhfoghlaimeoir agus ar an gcainteoir dúchais/líofa. Is deis iontach í casadh le daoine nua agus níos mó Gaeilge a úsáid nó a chleachtadh. Le suim a léiriú sa scéim, is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie ag 083 010 6294




# DATH AN DÓCHAIS

Tá Dath an Dóchais - taispeántas saothair ó ealaíontóirí atá ina gcónaí i gceantracha Gaeltachta feadh cóstaí an tuaiscirt, an deiscirt agus an iarthair - ar chamchuairt Gaeltachta faoi láthair. Beidh an taispeántas álainn, atá tacaithe ag Údarás agus Ealaín na Gaeltachta, le feiceáil in Áras Éanna Ionad Ealaíne Inis Oírr ón Aoine 5ú Lúnasa go dtí Dé Máirt 13ú Meán Fómhair. Seolfar an taispeántas go hoifigiúil amárach, Dé hAoine 5ú Lúnasa @ 8:30i.n



# ACADAMH AN TSAMHRAIDH (AER)

**Tá Tionól Réigiúin na hEorpa, an gréasán neamhspleách is mó d'údaráis áitiúla san Eoraip, lena bpríomh Chomhdháil Óige, Acadamh an tSamhraidh AER, a reachtáil i gContae Dhún na nGall ón 29ú Lúnasa go dtí an 1ú Meán Fómhair 2022. Beidh an chomhdháil, atá á óstáil ag Comhairle Chontae Dhún na nGall agus Údarás na Gaeltachta ar siúl ar Champas Ollscoil Teicneolaíochta an Atlantaigh i Leitir Ceanainn. Beidh breis agus céad polaiteoir, toscaire óige, agus gníomhaí pobail as chuile chearn den Eoraip i láthair, agus caithfear seachtain i mbun díospóireachta faoin mbealach le todhchaí níos daonlathaigh, níos síochánta agus níos inmharthana a chruthú. Pléifear rannpháirtíocht na hóige i gcúrsaí polaitíochta réigiúnach, fiontraíocht thuaithe, an bhith-eacnamaíocht agus go leor eile nach iad. Tabharfar cuairteanna staidéir ar chathair Dhoire freisin le foghlaim faoin bpróiseas síochána, chomh maith le turas chuig Páirc Náisiúnta Ghleann Bheithe agus chuig gteic Údarás na Gaeltachta i nGaoth Dobhair. Is féidir clárú trí Eventbrite agus is féidir tuilleadh eolais a fháil ach teagmháil a dhéanamh le info@aer.eu**





# SCOLÁIREACHTAÍ BRONNTA AR IMREOIRÍ RUGBAÍ CHOIS FHARRAIGE

Tá Fódhla Ní Bhraonáin agus Aifric Ní Ghibne, as Indreabhán, ag dul ó neart go neart ó thaobh na rugbaí de agus scoláireachtaí, ar luach $50,000, bronnta ar an mbeirt acu le gairid. D'imir na cailíní ar Fhoireann Chonnachta faoi aois agus le Corinthians na Gaillmhe. Tá deis ag na himreoirí óga anois tréimhse a chaitheamh i Meiriceá ag staidéar agus ag imirt rugbaí. Ní fada anois go mbeidh siad ag imeacht - Aifric go Springfield agus Fódhla ar ais go Hamden, Connecticut - áit atá bliain caite aici cheana féin. Deir Fódhla gur spórt sách nua é rugbaí do mhná sna Stáit Aontaithe ach go gcabhraíonn scoláireachtaí cosuil le seo go mor leis an spórt a fhorbairt agus a thacú thall. Comhghairdeachas ó chroí libh, a chairde!



Cuireadh Aifric agus Fódhla faoi agallamh le gairid do mhír ar Nuacht TG4. Pléitear ansin cén chaoi ar tharla sé gur bronnadh na scoláireachtaí orthu. Is féidir breathnú ar an mír ach cuairt a thabhairt ar chuntas Facebook Nuacht TG4.



Go n-éirí go geal libh sna Stáit Aontaithe, a mhná!

# FOLÚNTAS AG COMHAR NAÍONRAÍ NA GAELTACHTA

Tá Comhar Naíonraí na Gaeltacha ag glacadh le hiarratais anois do phost mar Chúntóir Airgeadais agus Párolla. Beidh an té a éiríonn leo freagrach as an gcomhordú agus obair riaracháin uilig a bhaineann le cúrsaí párolla na heagraíochta. Beidh cáilíocht tríú leibhéal sa réimse airgeadais cabhrach don phost agus tá sé riachtanach go mbeadh taithí párolla agus airgeadais ag iarrthóirí. Post lánaimseartha atá i gceist agus beidh an té a cheapfar lonnaithe ar an gCeathrú Rua. Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bpost ach cuairt a thabhairt ar shuíomh idirlín na heagraíochta ag www.cnng.ie Le cur isteach ar an bpost, is féidir litir iarratais, chomh maith le do CV a sheoladh ar ríomhphost amháin chuig eolas@cnng.ie Moltar sonraí teagmhála do bheirt mholtóirí a chur ar fáil le d'iarratas. Glacfar le hiarratais suas go dtí Dé hAoine 19ú Lúnasa.

# ÁDH MÓR LE PEILEADÓIRÍ AN SPIDÉIL

Go n-éirí le peileadóirí An Spidéil a bheas ag imirt sa gcéad bhabhta de Chraobh Shinsir Peile na Gaillimhe 2022 Dé Domhnaigh, 7ú Lúnasa. Tabharfaidh siad aghaidh ar Chumann Peile Mhaigh Cuilinn i Staid an Phiarsaigh.
Cuirfear tús leis an gcluiche @ 1:30i.n. Is féidir ticéad a cheannach ag an ngeata ar €15.

